Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11954/25**

**VETER 81**
**AGRI 367**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/1012 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh (‘An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe’) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 422 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 422 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.7.2025
COM(2025) 422 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/1012 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh (‘An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe’)**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/1012 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh ('An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe')**

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (AE) 2016/1012 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh ('An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe')[1] in 2016. Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 19 Iúil 2016 agus tá feidhm aige ón 1 Samhain 2018.

Cuireadh an Rialachán in ionad ocht dTreoir ón gComhairle (Treoracha 87/328/CEE, 88/661/CEE, 89/361/CEE, 90/118/CEE, 90/119/CEE, 90/427/CEE, 94/28/CE agus 2009/157/CE ón gComhairle)[2] agus roinnt Cinntí ón gCoimisiún arna nglacadh i gcomhréir leis na Treoracha sin, maidir le pórú eallaí, muca, caora agus gabhar agus *equidae* a phórú, agus maidir le hainmhithe pórúcháin a onnmhairiú. Ina theannta sin, aisghairtear leis Treoir

[1] *Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ("An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe") ( IO L 171, 29.6.2016, lch. 66) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1012/oj.*

[2] *Treoir 87/328/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1987 maidir le glacadh le hainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas buaibheach chun críoch pórúcháin (IO L 167, 26.6.1987, lch. 54) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1987/328/oj.*
*Treoir 88/661/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 maidir leis na caighdeáin zóiteicniúla is infheidhme maidir le hainmhithe pórúcháin den speiceas mucúil (IO L 382, 31.12.1988, lch. 36) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1988/661/oj.*
*Treoir 89/361/CEE ón gComhairle an 30 Bealtaine 1989 maidir le caoirigh agus gabhair phórúcháin folaíochta (IO L 153, 6.6.1989, lch. 30) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1989/361/oj.*
*Treoir 90/118/CEE ón gComhairle an 5 Márta 1990 maidir le glacadh le muca pórúcháin folaíochta le haghaidh pórúcháin (IO L 71, 17.3.1990, lch. 34) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1990/118/oj.*
*Treoir 90/119/CEE ón gComhairle an 5 Márta 1990 maidir le muca pórúcháin hibrideacha le haghaidh pórúcháin (IO L 71, 17.3.1990, lch. 36) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1990/119/oj.*
*Treoir 90/427/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir leis na coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha lena rialaítear trádáil equidae laistigh den Aontas Eorpach (IO L 224, 18.8.1990, lch. 55) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1990/427/oj.*
*Treoir 94/28/CE ón gComhairle an 23 Meitheamh 1994 lena leagtar síos na prionsabail maidir leis na coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha is infheidhme maidir le honnmhairí ainmhithe ó tríú tíortha, a seamhan, ubháin agus suthanna agus lena n-aisghairtear Treoir 77/504/CEE maidir le hainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas buaibheach (IO L 178, 12.7.1994, lch. 66) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1994/28/oj.*
*Treoir 2009/157/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas buaibheach (IO L 323, 10.12.2009, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/157/oj.*

91/174/CEE[3] (pórú ainmhithe de speicis eile) agus Cinneadh 96/463/CE ón gComhairle[4] lena n-ainmnítear lárionad tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh.

Leis an Rialachán seo, déantar formhór na bhforálacha arna leagadh amach sna Treoracha sin a chomhdhlúthú, a shimpliú agus a chur in oiriúint le Conradh Liospóin i gcreat dlíthiúil aonair, i bhfoirm Rialacháin. Ina theannta sin, tugtar isteach leis forálacha maidir le rialuithe agus gníomhaíochtaí oifigiúla atá le déanamh ag Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

De réir fhorálacha an Rialacháin, cumhachtaítear an Coimisiún líon gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Ina theannta sin, cuireann sé ceangal ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na gcomhreachtóirí maidir le feidhmiú na gcumhachtaí tarmligthe sin.

## 2. BUNÚS DLÍ

Tá an tuarascáil seo ina ceanglas faoi Airteagal 61(2) de Rialachán (AE) 2016/1012. De bhun na forála sin, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair a liostaítear ann do thréimhse 5 bliana ón 19 Iúil 2016 agus ní mór don Choimisiún tuarascáil a ullmhú maidir leis an gcumhacht tarmligthe 9 mí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

Mar a leagtar amach in Airteagal 61(2), cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 26(1), Airteagal 29(5), Airteagal 30(9) agus Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2016/1012 a ghlacadh.

Leagtar síos le hAirteagal 61(2) freisin go ndéanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, ach amháin i gcás ina gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle i gcoinne an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse, agus luaitear in Airteagal 61(3) go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Le linn na chéad tréimhse comhairliúcháin (go dtí an 19/10/2020), d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe arna dtabhairt faoi Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2016/1012, tríd an ngníomh tarmligthe ceangailteach thíos a ghlacadh:

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le hinneachar agus formáid na ndeimhnithe zóiteicniúla arna n- eisiúint le

---

[3] *Treoir 91/174/CEE ón gComhairle an 25 Márta 1991 lena leagtar síos ceanglais zóiteicniúla agus ghinealaigh i ndáil le hainmhithe folaíochta a chur ar an margadh agus lena leasaítear Treoir 77/504/CEE agus Treoir 90/425/CEE (IO L 85, 5.4.1991, lch. 37) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/174/oj.*

[4] *Cinneadh 96/463/CE ón gComhairle an 23 Iúil 1996 lena n-ainmnítear an comhlacht tagartha atá freagrach as an gcomhar chun aonfhoirmeacht a bhaint amach sna modhanna tástála agus sa mheasúnú ar na torthaí i dtaca le hainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas buaibheach (IO L 192, 2.8.1996, lch. 19) ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1996/463/oj.*

haghaidh ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí atá sa doiciméad aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe *equidae*[5].

Tugadh tuairisc sa chéad tuarascáil ar úsáid sin na cumhachta tarmligthe agus ar an Rialachán Tarmligthe a bhí mar thoradh air sin le linn na chéad tréimhse tuairiscithe[6].

Le linn an dara tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo (go dtí an 19/10/2025), níor fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe.

Faoi dheireadh an dara tréimhse tuairiscithe, tá an Coimisiún tar éis úsáid a bhaint as ceann amháin dá cheithre chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/1012. Níl na trí chumhachtú sin atá fágtha ceangailteach. Baineann siad le leasuithe féideartha ar Iarscríbhinn III (ceanglais a bhaineann le tástáil feidhmíochta agus meastóireacht ghéiniteach), Iarscríbhinn IV (riachtanais agus tascanna lárionaid tagartha an Aontais Eorpaigh) agus Iarscríbhinn V (inneachar deimhnithe zóiteicniúla) a ghabhann leis an Rialachán. Sna trí Iarscríbhinn sin, tá go leor gnéithe teicniúla, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá iad a ghlacadh, *inter alia*, i bhfianaise forbairtí teicniúla, dul chun cinn eolaíoch nó fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Go dtí seo, ní raibh gá aon leasuithe a dhéanamh ar na hIarscríbhinní sin de bharr forbairtí teicniúla nó dul chun cinn eolaíoch. Ina theannta sin, níor chuir údaráis inniúla na mBallstát nó páirtithe leasmhara in iúl go raibh gá ann iad a leasú.

## 4. CONCLÚID

Tá an Coimisiún tar éis an gníomh tarmligthe, ar bhonn an chumhachtaithe dá bhforáiltear in Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2016/1012, i.e. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 ón gCoimisiún, a sheachadadh go cuí. Measann an Coimisiún go bhfuil gá ann an cumhachtú sin a choinneáil ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh leasuithe ar an Rialachán Tarmligthe sin amach anseo.

Ós rud é go bhfuil nasc soiléir ann idir na trí chumhachtú a bhaineann le gníomhartha tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinní III, IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1012 agus dul chun cinn eolaíoch nó teicneolaíoch, measann an Coimisiún go bhfuil gá ann gach ceann de na cumhachtuithe sin a choinneáil chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh mar a fhoráiltear sa Rialachán sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar bhonn ar na gcumhachtuithe sin amach anseo. Tá sé tábhachtach an tsolúbthacht is gá a choinneáil sa chreat dlíthiúil, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh gá ann teicniúlachtaí in Iarscríbhinní III, IV agus V a ghabhann leis an Rialachán a nuashonrú de bharr forbairtí teicniúla nó dul chun cinn eolaíoch amach anseo, nó i bhfianaise fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún an ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 61(2) de Rialachán (AE) 2016/1012 agus iarann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

---

5 *IO L 275, 25.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1940/oj*.

6 COM(2024) 16 final.